Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2015

# Foghlaim don tSaol agus don Obair: Líneach

Aonad 3

*GLW31*

## [GLW31]

## DÉ hAOINE 8 BEALTAINE, MAIDIN

**AM**

1 uair agus 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch gorm nó le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Tá an t-iatán (ina bhfuil **Foinsí A, B agus C**) le húsáid le Ceisteanna **4, 5, 6, 7, 8** agus **9**.
Freagair na ceisteanna **uilig** i **Roinn A** agus i **Roinn B**.
Freagair **dhá** cheist i **Roinn C**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **4–9**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

## Roinn A

Freagair **gach** ceist sa roinn seo.

**Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda**

**Ról na sochaí agus an rialtais i gcosaint chearta an duine is ábhar don cheist seo.**

**1** **(a)** Ainmnigh **dhá** dhóigh a dtig leis an Choimisiún Comhionannais feasacht a ardú faoi leithcheal sa tsochaí.

1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

**(b)** Sainaithin **agus** mínigh **dhá** thionchar ar dhuine óg a mbeadh sé, nó sí, claonta in éadan daoine atá difriúil leo dá mbarr.

1. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

2. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(c)** Sainaithin **agus** mínigh **dhá** dhóigh ar féidir le leabharlann phoiblí freastal ar riachtanais daoine atá faoi mhíchumas.

1. ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [2]

2. ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [2]

[Tiontaigh an leathanach

**Forbairt Phearsanta**

**Róil agus freagrachtaí na tuismitheoireachta a thuiscint is ábhar don cheist seo.**

2 (a) Ainmnigh **dhá** dhóigh a dtiocfadh le tuismitheoir óg cuidiú a fháil leis an chostas a bhaineann le babaí úr.

1. ____________________ [1]

2. ____________________ [1]

(b) Sainaithin **agus** mínigh **dhá** dhóigh a dtiocfadh le tuismitheoir cuidiú le moráltacht agus luachanna páiste a fhorbairt.

1. ____________________

____________________

____________________

____________________ [2]

2. ____________________

____________________

____________________

____________________ [2]

**(c)** Sainaithin **agus** mínigh **dhá** dhóigh a dtiocfadh le tuismitheoir timpeallacht shábháilte a chur ar fáil do pháiste sa bhaile.

1. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

2. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**Infhostaitheacht**

**Cleachtais earcaíochta agus roghnaithe don fhostaíocht is ábhar don cheist seo.**

3 **(a)** Ainmnigh **dhá** inniúlacht/cháilíocht phearsanta a mheasann fostóirí atá tábhachtach sna fostaithe acu.

1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

**(b)** Sainaithin **agus** mínigh **dhá** fháth a dtig le múinteoirí gairmthreorach treoir a sholáthar do dhaltaí agus iad i mbun foirmeacha iarratais do phostanna a chomhlánú.

1. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

2. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(c)** Sainaithin **agus** mínigh **dhá** fháth a bhfuil sé tábhachtach go mbíonn daltaí rannpháirteach i Lá Scileanna Agallaimh.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

## Roinn B

Freagair **gach** ceist sa roinn seo.

**Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda**

**4** Léigh **Foinse A** agus bain úsáid aisti le cuidiú leat an cheist seo a fhreagairt.

**(a)** Mínigh **dhá** fháth a bhfuil cearta an duine tábhachtach sa tsochaí.

1. ______________________________

______________________________ [2]

2. ______________________________

______________________________ [2]

**(b)** Mínigh dóigheanna a dtig le duine óg tuilleadh a fhoghlaim faoi chearta an duine.

[6]

**[Tiontaigh an leathanach**

## Forbairt Phearsanta

**5** Léigh **Foinse B** agus bain úsáid aisti le cuidiú leat an cheist seo a fhreagairt.

**(a)** Mínigh **dhá** dhóigh a dtig leis an rath ar scoil féinmhuinín duine óg a fheabhsú.

1. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Mínigh an dóigh a dtiocfadh le duine óg tacaíocht a thabhairt d'íospartach den bhulaíocht téacsála.

[6]

**Infhostaitheacht**

**6** Léigh **Foinse C** agus bain úsáid aisti le cuidiú leat an cheist seo a fhreagairt.

**(a)** Mínigh **dhá** riosca a mbeadh ar fhiontraí aghaidh a thabhairt orthu agus gnólacht nua á thosú aige, nó aici.

1. ______________________________

______________________________ [2]

2. ______________________________

______________________________ [2]

**(b)** Mínigh na fáthanna a mbíonn iarratasóirí ar phost á gcur faoi agallamh ag fostóirí.

[6]

## Roinn C

Freagair **dhá** cheist as an roinn seo.

**Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda**

**7** Agus tagairt á déanamh agat do **Foinse A agus** don eolas agat féin, déan ról rialtas Thuaisceart Éireann i gcur chun cinn an daonlathais a mheasúnú.

[10]

## Leathanach breise má tá sé de dhíth

[Tiontaigh an leathanach

**Forbairt Phearsanta**

**8** Agus tagairt á déanamh agat do **Foinse B agus** don eolas agat féin, déan na tarraingtí agus na contúirtí a bhaineann le dul ar aiste bia i mbeatha daoine óga a mheasúnú.

[10]

Leathanach breise má tá sé de dhíth

[Tiontaigh an leathanach

**Infhostaitheacht**

**9** Agus tagairt á déanamh agat do **Foinse C agus** don eolas agat féin, déan an tionchar ar ghnólacht as oiliúint a chur ar fáil dá chuid oibrithe a mheasúnú.

[10]

## Leathanach breise má tá sé de dhíth

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |

| **Marc Iomlán** | |
|---|---|

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2015

# Foghlaim don tSaol agus don Obair: Líneach

## Aonad 3

**[GLW31]**

**DÉ hAOINE 8 BEALTAINE, MAIDIN**

# FOINSÍ A, B agus C

## Iatán: Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda

**Le húsáid le Ceisteanna 4 agus 7.**

### FOINSE A

### Daonlathas

Tacaíonn rialtas Thuaisceart Éireann leis an daonlathas. Cosnaíonn sé cearta an duine trí oibriú le Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine, leis an Choimisiún Comhionannais agus le heagraíochtaí nach iad.

Tá cearta an duine tábhachtach. Cuidíonn siad le daoine a chosaint ar an mhí-úsáid. Cinntíonn siad go bpléitear le daoine go cothrom, go bhfuil siad saor lena gcuid dearcthaí a nochtadh agus le bheith rannpháirteach sa tsochaí.

Is den tábhacht é go mbeadh tuiscint ag daoine óga ar a gcearta daonna féin. Is féidir le daoine óga foghlaim faoi chearta an duine i ranganna saoránachta ar scoil.

Reáchtálann an rialtas toghcháin agus tá sé cuntasach do na daoine as cinntí a dhéantar agus as a chuid gníomhartha. Déanann sé cinntí agus ritheann sé dlithe trí phróisis dhaonlathacha amhail an díospóireacht agus vótáil ar mhórcheisteanna.

Mothaíonn daoine áirithe, áfach, nach ndéanann an rialtas ionadaíocht do gach duine, agus bíonn daoine eile ag argóint gur chóir dó bheith níos cuntasaí don phobal. Cé go dtacaíonn an rialtas le ceart an phobail máirseáil/paráid a dhéanamh agus a bhféiniúlacht chultúrtha a chur in iúl, chomh maith leis sin caithfidh sé cearta daonna daoine eile a chur san áireamh trí theorainneacha a chur ar mháirseálacha agus ar pharáidí in amanna. Amharcann roinnt daoine air seo mar shárú ar a gcearta daonna féin.

*Foinse: An Príomhscrúdaitheoir*

## Iatán: Forbairt Phearsanta

**Le húsáid le Ceisteanna 5 agus 8.**

### FOINSE B

**Rath agus Brú**

Bíonn rath ar chuid mhór daoine óga ar an scoil a chuidíonn le feabhas a chur ar a bhféinmhuinín. Mar shampla, is féidir le daoine óga mothú níos fearr fá dtaobh díobh féin mar gheall ar chlubanna spóirt, nó má thoghtar iad ar chomhairle na mac léinn nó má éiríonn leo i scrúduithe.

D'fhéadfadh brúnna a bheith ar dhaoine óga ar scoil, amhail bulaíocht, agus b'fhéidir go mbeadh siad iontach míshona ar scoil dá mbarr. Is cineál bulaíochta í an bhulaíocht a dhéantar le téacsáil. Tá sé tábhachtach go labhraíonn duine óg le cara nó le tuismitheoir nó le múinteoir agus é, nó í, ag dul in gleic le bulaíocht téacsála.



D'fhéadfadh brú a bheith ar dhaoine óga ó na meáin, amhail an teilifís nó irisleabhair. Thiocfadh le ceiliúráin ón spóirt, ón cheoil nó ón teilifís íomhá a bheith acu a spreagfadh duine óg le dul ar aiste bia. Is iomaí contúirt a bhaineann le dul ar aiste bia amhail neamhord itheacháin a fhorbairt a rachadh i bhfeidhm ar shláinte an duine óig.

*© Goodshoot / Goodshoot / Thinkstock*

## Iatán: Forbairt Phearsanta

**Le húsáid le Ceisteanna 6 agus 9.**

### FOINSE C

**Timpeallacht na hOibre**

D’fhéadfadh deacracht a bheith ag fiontraithe le sreabhadh airgid agus iad ag cur gnólacht ar bun, mar b’fhéidir nach mbeadh an saineolas acu le déileáil leis na gnéithe airgeadais ar fad a bhaineann leis an ghnólacht.

B’fhéidir go mbeadh ar fhiontraithe tuilleadh oibrithe a fhostú. B’fhéidir go gcuirfeadh siad agallamh ar na hiarratasóirí éagsúla lena n-oiriúnacht don phost a mheasúnú agus lena chois sin, lena fháil amach cén cineál daoine atá iontu.

B’fhéidir go mbeadh traenáil de dhíth ar na hiarratasóirí rathúla lena spreagadh ina gcuid oibre, agus d’fhéadfadh díolacháin mhéadaithe a bheith ag an ghnólacht mar gheall air sin. B’fhéidir go mbeadh ar fhostaithe am a thógáil saor óna gcuid oibre, áfach, le bheith páirteach i gcláir thraenála, agus b’fhéidir go mbeadh sé seo ina chúis le fadhbanna don ghnólacht agus é ag iarraidh spriocdhátaí a chomhlíonadh.

*Foinse: An Príomhscrúdaitheoir*